

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae an Chabháin agus ó Chontae an Longfoirt ar www.duchas.ie anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae an Chabháin agus ó Chontae an Longfoirt a léamh ar www.duchas.ie anois.

Ábhar béaloidis a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar béaloidis as Bailiúchán na Scol á fhoilsiú ar www.duchas.ie ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó na contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim, Cill Dara, Ciarraí, Sligeach, Luimneach, Muineachán, Laois, Cill Chainnigh, Lú, Tiobraid Árann agus An Clár ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é www.duchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é www.duchas.ie do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí i mbliana.

Ghlac breis agus 200 scoil páirt sa scéim i gContae an Chabháin agus tiomsaíodh 64 imleabhar d'ábhar béaloidis. I gContae an Longfoirt, ghlac breis agus 70 scoil páirt sa scéim agus ba é 21 imleabhar toradh a gcuid saothair.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Seán Kyne, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá www.duchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacha agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair www.duchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

clare.coughlan@dcu.ie

(01) 700 6577



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d’eagarthóirí:**Ábhar Chontae an Chabháin agus Chontae an Longfoirt**

Contae na Lochanna a thugtar ar **Chontae an Chabháin** go minic agus deirtear go bhfuil 365 loch ann – ceann do gach uile lá den bhliain. Ní chuirfidh sé iontas ar an léitheoir mar sin go bhfuil áit lárnach ag na lochanna i mbéaloides an chontae. Tá Loch Síleann ar an loch is mó sa chontae cé go bhfuil cuid de i gCo. na Mí agus i gCo. na hIarmhí freisin. Insítear sa scéal [seo](#) gur tobar sí a bhí ann ar dtús. Bhí gá leis an tobar a chlúdach go daingean i ndiaidh an t-uisce a tharraingt. Tháinig taoiseach ó Chúige Mumhan agus mharaigh sé muintir na háite ar fad sa dóigh go raibh rún an locha ceilte air. Lá amháin níor dhruid iníon an taoisigh an tobar agus scaird an tobar gur leath an t-uisce thar na ceantair máguaird. Creidtear gurb é sin an chúis a tugadh Síleann, nó Sí-Linn ar an loch.

Ar Loch Theampall an Phoirt tá clú agus cáil ar oileán an Phoirt nó Oileán Naomh Maodhóg atá ainmnithe ar phátrún an pharóiste. Bhí eaglais ag an naomh ar an oileán seo agus tá scéal [anseo](#) faoin mhodh iompair idir an t-oileán agus tír mór – leac chloiche. Deirtear sa scéal gur cuireadh leanbh a bhí le baisteadh ar an leac agus gur seoladh é amach chuig an oileán. Bhaist Maodhóg an leanbh agus sheol sé ar ais é go slán sábháilte. Insítear sa scéal [seo](#) gur scoilt an leac agus beirt ar bord uirthi i lár an locha toisc go raibh duine acu ag mallachtach. Chuaigh cuid den leac go tóin poill leis an mhallachtóir agus thug an píosa eile an duine neamhurchóideach slán chun an chladaigh.

I gcúrsaí spóirt, thabhaigh an Cabhán clú dó féin mar gheall ar an pheil sna 1930idí – in 1933 bhí siad ar an chéad chontae i gCúige Uladh le Craobh Uile-Éireann a thabhairt leo. Bhí ag éirí thar cionn le Ciarraí sna blianta sin agus iad ag tabhairt faoin chúigiú bua i ndiaidh a chéile go dtí gur chuir an Cabhán stop leo sa chluiche leathcheannais in 1933 – tá amhrán a cumadh faoin bhua iontach sin le léamh [anseo](#). De réir an scéil [seo](#), bhíodh Fionn féin i mbun spóirt thart faoi Shliabh gCleath. I scéal eile [anseo](#), deirtear gur iompair sé cúig chloch mhóra ó Binn Chuilceach go Shantemon – clocha atá ina seasamh ansin i gcónaí.

Tá a lán le foghlaim faoi nósanna agus faoi shaol **mhuintir an Longfoirt** ón réimse leathan scéalta a bailíodh sna 1930idí. Tá an-bhaint ag an Longfort le hÉirí Amach 1798. I mí Mheán Fómhair na bliana sin shocraigh an Ginearál Humbert go rachadh sé chun comhraic le fórsaí na Breataine i mBéal Átha na Muc i dtuaisceart an chontae, gar do Cho. Liatroma. De réir an scéil [seo](#), bhí drochthús leis an bhfeachtas nuair a goideadh slabhraí na ngunnaí móra ó champa na bhFrancach i gCluain, Co. Liatroma agus caitheadh isteach iad i Loch Chaoldra. Tá tagairt don fheillbheart úd san amhrán [seo](#) a bailíodh i mBéal Átha na Muc:

*But dark despair struck hard at freedom’s sons,
As roused they from their bivouac at Cloone,
To find the iron harness of the guns,
Had vanished from beneath the moon.*

Ós ag trácht ar amhráin faoin Éirí Amach sin atáthar, tá leagan den amhrán cáiliúil *The Rising of the Moon* le fáil [anseo](#). Tá neart eolais sa chuntas [seo](#) a bailíodh ó dhuine ar throid a sheanathair féin i gCath Bhéal Átha na Muc agus a raibh páirt aige in adhlacadh an Ghinearáil Blake a daoradh chun báis agus a cuireadh i Reilig Thobar Phádraig i gCorr na Caillí. Tá neart scéalta faoin slad uafásach a rinneadh ar na Gaeil agus d’fhág an cath a rian ar an gceantar, óir tá sé le breac le huaigheanna na Maolagán, nó na ‘Croppies’, agus tá bearnas i gCoillte Craobhacha ar a dtugtar ‘Croppies’ Gap’ air, dar leis an scéal [seo](#).

Ar ndóigh, níl thuas ach blaiseadh an-bheag den saibhreas béaloidis atá le fáil i measc ábhar an dá chontae seo, An Cabhán agus An Longfort. Tá an méid luaite thuas agus neart scéalta suimiúla eile ón dá chontae le léamh ar www.dúchas.ie anois.